



etbi

Education and Training
Boards Ireland
*Boird Oideachais agus
Oiliúna Éireann*



Educate
Together

An Creat um **Aitheantas** don Cháilíocht chun Oideachas Eiticiúil, Il-chreidimh agus Luachanna a Mhúineadh



© 2026 Foghlaim Le Chéile, Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

Gach ceart ar cosaint. Tá an foilseachán seo faoi úinéireacht Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann/Ag Foghlaim Le Chéile. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh gan cead roimh ré ó na húinéirí.

www.educatetogether.ie / info@educatetogether.ie

www.etbi.ie / info@etbi.ie

Uimhir Charthanais Chláraithe BOOÉ: 20206586

Uimhir Charthanais Chláraithe Ag Foghlaim Le Chéile:
20033309

Clár ábhair

Buíochas	5
Réamhrá	6
Réamhrá maidir leis an gCreat	8
Comhthéacs	8
Scoileanna Foghlaim le Chéile	9
Scoileanna Náisiúnta Pobail	9
Creat OEICL	10
Treoirphrionsabail	10
Réimsí Staidéir atá Leagtha Síos	11
Dámhachtainí in OEICL	12
Torthaí Foghlama	13
Cláir OEICL a Fhorbairt agus a Aithint	17
Aguisín A: Cláir Aitheanta a Bhronnann Cáilíocht chun OEICL a Mhúineadh	21
Aguisín B: Iarratas ar chláir chomhtháite, chumaisc nó ar leith in OEICL	22
Aguisín C: Foirmeacha Ailínithe Torthaí Foghlama Fochéime/Leibhéal 8	24
Aguisín D: Foirmeacha Ailínithe Torthaí Foghlama Iarchéime/Leibhéal 9	37
Aguisín E: Iarratas ar Chláir Bhreise as a dtiocfaidh Dámhachtain Speisialta in OEICL	47
Gluais na dTearmaí in OEICL	49
Tagairtí	52
Leabharliosta	53

Giorrúcháin

OEICL – Oideachas Eiticiúil, Ilchreidimh agus Luachanna

BOO – Bord Oideachais agus Oiliúna

BOOÉ – Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

MLML – Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa!

IAO – Institiúid Ardoideachais

OTM - Oideachas Tosaigh Múinteoirí

TFanna – Torthaí Foghlama

CNC – An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

Buíochas

Aitheantas is ea an teideal ar an *gCreat* seo. Féachann Aitheantas le haitheantas a thabhairt don obair shuntasach atá ar bun cheana féin ag coláistí oideachais chun múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú chun Oideachas Eiticiúil, Il-chreidimh agus Luachanna (OEICL) a mhúineadh.

Ní bheimis ábalta *Aitheantas* a chur le chéile gan dúthracht agus tiomantas na n-ionadaithe ó gach ceann de na cúig sholáthraí oideachais tosaigh múinteoirí bunscoile in Éirinn, chomh maith le hionadaithe na bPátrún; aithnítear iad go léir thíos. Aithnímid an tacaíocht a thug an Roinn Oideachais agus Óige freisin.

Ionadaithe ón Earnáil Oideachais Tosaigh Múinteoirí

- An Dr Maurice Harmon (Coláiste Mhuire gan Smál)
- An Dr Anne Marie Kavanagh (Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)
- Fíona McArdle (Coláiste Hibernia)
- An Dr Aiveen Mullally (Institiúid Oideachais Marino)
- An Dr Aoife Titley (Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad)

Ionadaithe na bPátrún

- Aidan Clifford (Foghlaim le Chéile)
- An Dr Séamus Conboy (Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann)
- An Dr Emer Nowlan (Foghlaim le Chéile)
- Lydia McCarthy (Foghlaim le Chéile)
- Ken Scully (BOOCDCM)
- Vera Shanahan (Foghlaim le Chéile)
- Megan Whyte (Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann)

Buíochas leis na daoine seo a leanas freisin

- Simon Brennan (Coláiste Mhuire Gan Smál)
- An Dr Elva Casey (Coláiste Hibernia)
- An Dr Miriam Collum (Institiúid Oideachais Marino)
- An Dr Robin Flynn (Coláiste Hibernia)
- An Dr Brighid Golden (Coláiste Mhuire Gan Smál)
- Sandra Irwin-Gowran (Foghlaim le Chéile)
- An Dr Patricia Kieran (Colaiste Mhuire Gan Smál)
- An Dr Niamh McGuirk (Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)
- An Dr Barbara O'Toole (Institiúid Oideachais Marino)
- Patsy Stafford (Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad)
- Fionnuala Ward (Foghlaim le Chéile)

Réamhrá

Tá córas bunoidreachais na hÉireann ag éabhlóidiú ar bhonn leanúnach mar fhreagairt ar shochaí atá ag éirí níos éagsúla. Déanann scoileanna faoi phátrúnacht na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOONna) agus Foghlaim Le Chéile an éagsúlacht sin a léiriú agus a dhearbhu gach lá ina seomraí ranga. I suíomhanna comhionannais agus il-sainchreidmheacha, tugtar tacaíocht do pháistí chun an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbairt chun an difríocht sin a thuiscint agus meas a bheith acu uirthi, agus ag an am céanna aithnítear an gá atá le meas, comhionannas agus ionchuimsiú a chinntiú do chách. Chun an fhís sin a bhaint amach go hiomlán, ní mór do mhúinteoirí a bheith muiníneach agus ullmhaithe go gairmiúil chun curaclaim na bpátrún a sheachadadh i Scoileanna Foghlaim Le Chéile agus i Scoileanna Náisiúnta Pobail. Tugtar 'Oideachas Eiticíúil, Il-chreidimh agus Luachanna' nó OEICL ar na curaclaim sin. Mar is amhlaidh le haon réimse nó ábhar curaclaim eile, tá ról lárnach le himirt ag Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) in aistear foghlama gairmiúla múinteoirí in OEICL, ag leagan na bunsraitheanna ar a bhfuil a n-inniúlacht ghairmiúil agus a muinín tógtha.

Le blianta beaga anuas, tá céimeanna glactha ag soláthraithe OTM bunscoile chun OEICL a ionchorprú in éineacht le réimsí agus ábhair churaclaim eile. In ainneoin na bhforbairtí maithe sin, tá an soláthar atá ann cheana in OEICL neamhsheasmhach ag leibhéal OTM in Éirinn. Cé go bhfuil Oideachas Reiligiúnach fós ina chuid shuntasach den eispéireas OTM bunscoile, leanann múinteoirí faoi oiliúint, a thosaíonn ag obair i scoileanna comhionannais agus il-shainchreidmheacha, ag tuairisciú go mbraitheann siad nach bhfuil siad ullmhaithe i gceart chun OEICL a mhúineadh. Ní léiriú é sin ar thiomantas ná ar chumas, ach ar réaltachtaí struchtúracha laistigh den soláthar reatha. Ag aithint na bearna sin, gheall ár n-eagraíochtaí go n-oibreodís go comhoibríoch agus go cuiditheach le hInstitiúidí Ardoideachais (IAONna) chun bealach soiléir agus tacúil chun tosaigh a fhorbairt. Tá *Aitheantas* mar thoradh ar an ngealltanas comhroinnte sin.

Ón tús, bhí an obair sin bunaithe ar thaighde agus ar idirphlé. Scrúdaíodh riachtanais múinteoirí faoi oiliúint, múinteoirí nuacháilithe agus ceannairí scoile go cúramach, agus bunaíodh Grúpa Comhairleach a thug le chéile ionadaithe ó BOOÉ, Foghlaim Le Chéile, agus gach ceann de na cúig institiúid ardoideachais a sholáthraíonn OTM bunscoile. Thar thrí bliana, ghlac an grúpa sin páirt i gcomhairliúchán, plé agus dearadh comhoibríoch leanúnach. Bhí an próiseas dian, tuisceanach agus i gcónaí faoi threoir aidhm chomhroinnte: tacú le forbairt soláthar ardchaighdeáin, láidir ó thaobh acadúil de in OEICL.

Is é láidreacht *Aitheantas* ná an comhoibriú sin. Léiríonn sé léargas cleachtóirí, saineolas comhghleacaithe acadúla agus an saol mar atá sna scoileanna. Tá sé deartha mar thacaíocht chun cur ar chumas Institiúidí Ardoideachais cúrsaí a fhorbairt atá dian ó thaobh na hintleachta de, ábhartha do na gairmithe cuí agus ailínithe le riachtanais na scoláirí agus na múinteoirí i Scoileanna Foghlaim Le Chéile agus i Scoileanna Náisiúnta Pobail. Cuireann sé torthaí foghlama soiléire in iúl agus tugann sé an tsolúbthacht d'institiúidí cláir a dhearadh a oireann dá gcomhthéacsanna acadúla.

Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le príomhúdair an *Chreata* seo: Megan Whyte ó BOOÉ agus Vera Shanahan ó Foghlaim Le Chéile. Bhí a dtiomantas, a saineolas agus a gceannaireacht seasta lárnach chun an obair seo a chur i gcrích. Thar roinnt blianta, d'oibrigh siad go cúramach, le hionracas agus le diongbháilteacht chun a chinntiú go mbeadh an *Creat* seo uaillmhianach agus indéanta. Bhí a dtiomantas don chomhoibriú ríthábhachtach i dtógáil na gcomhpháirtíochtaí láidre atá mar bhonn agus taca leis an doiciméad seo.

Tugaimid aitheantas ó chroí freisin do bhaill an Ghrúpa Chomhairligh, a bhfuil a rannpháirtíocht mhachnamhach agus a léargas gairmiúil tar éis gach céim d'fhorbairt an *Chreata* a mhúnlú. De bharr a dtoilteanas saineolas a roinnt, ceistiú cuiditheach a dhéanamh agus oibriú le chéile thar theorainneacha institiúideacha, neartaíodh cáilíocht, creidiúnacht agus inúsáidteacht *Aitheantas*. Seasann an doiciméad seo mar theist ar an méid is féidir a bhaint amach trí chomhpháirtíocht leanúnach.

Ag breathnú chun tosaigh, is céim thábhachtach é *Aitheantas* chun tacú le múinteoirí amach anseo OEICL a sheachadadh le muinín agus go cuimsitheach. Cabhróidh sé le hinstiúidí ardoideachais a soláthar a leathnú agus a fheabhsú, lena chinntiú go bhfuil céimithe in ann freastal ar riachtanais na bpobal scoile atá bunaithe ar chomhionannas agus atá il-shainchreidmheach. Níos tábhachtaí fós, tacaíonn sé le córas oideachais a aithníonn agus a thugann luach ar éagsúlacht shaibhir reiligiún, creideamh agus cruinneshamhlacha atá le fáil in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Rinneadh an obair sin ar fad ar bhealach comhoibríoch, agus leanfaimid ar aghaidh ag comhoibriú lena chéile chun an obair a chur i gcrích. Le chéile, táimid ag neartú oideachas múinteoirí ionas go léireoidh sé an saol mar atá inár scoileanna agus mianta ár bpobal níos fearr. Agus é sin á dhéanamh, infheistímid ní hamháin i bhfoghlaim ghairmiúil múinteoirí, ach sna timpeallachtaí foghlama cuimsitheacha agus measúla atá tuillte ag gach páiste.

Molaimid *Aitheantas* dár gcomhpháirtithe san earnáil Ardoideachais agus táimid ag tnúth le leanúint leis an obair thábhachtach seo le chéile.



An Dr Emer Nowlan
An Príomhfheidhmeannach
Foghlaim Le Chéile



An Dr Séamus Conboy
Stiúrthóir Scoileanna
Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

Réamhrá maidir leis an gCreat

Tá sé mar aidhm ag Aitheantas: an *Creat um Aitheantas don Cháilíocht chun Oideachas Eiticiúil, Ilchreidimh agus Luachanna a Mhúineadh* (OEICL) cur ar chumas Institiúidí Ardoideachais (IAOnna) cláir oideachais múinteoirí a fhorbairt a theistíonn múinteoirí réamhseirbhíse chun curaclaim na bpátrún a mhúineadh i Scoileanna Foghlaim Le Chéile agus i Scoileanna Náisiúnta Pobail. Chomh maith leis sin tacaíonn Aitheantas le cláir fhorlíontacha a fhorbairt a theistíonn múinteoirí atá ag cleachtadh a ngairme a cháiligh thar lear chun OEICL a mhúineadh. Ar *Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa! (MLML) is ea* curaclam na bpátrún do Phobalscoileanna Náisiúnta ná. *Foghlaim le Chéile is ea* curaclam an phátrúin do Scoileanna Foghlaim Le Chéile. Tá an dá churaclam san áireamh laistigh de *Chreat Curaclaim na Bunscoile* (CNCM, 2023) agus múintear iad mar réimsí agus ábhair churaclaim scoite le linn am na bpátrún, agus déantar iar a chomhtháthú i réimsí agus ábhair churaclaim eile freisin.

Leithdháileadh Ama Seachtainiúil do Churaclam an Phátrúin ó Chreatchuraclam na Bunscoile



Comhthéacs

Tá *Aitheantas* mar thoradh ar chomhoibriú idir Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) agus Foghlaim Le Chéile i gcomhar leis na cúig institiúid ardoideachais a ¹ bhronnann cáilíochtaí chun múineadh ag an mbunleibhéal in Éirinn, a thug comhairle maidir lena dheardh agus a chur i bhfeidhm. Cinntíonn an chomhpháirtíocht sin go bhfuil an *Creat* ag teacht le hionchais na bpátrún agus go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm ag leibhéal an Oideachais Tosaigh Múinteoirí (OTM). Forbraíodh *Aitheantas* chun tacú le hinstitiúidí ardoideachais an riachtanas a chomhlíonadh maidir le múinteoirí a bheith teistithe chun OEICL a mhúineadh i Scoileanna Foghlaim Le Chéile agus i Scoileanna Náisiúnta Pobail ó 2032 ar aghaidh. Tíocfaidh an ceanglas sin i bhfeidhm gan dochar do mhúinteoirí bunscoile a bhain céim amach in Éirinn nó i ndlíní eile roimh an dáta sin.

¹ Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad, Coláiste Hibernia, Institiúid Oideachais Marino, Coláiste Mhuire gan Smál.

Scoileanna Foghlaim Le Chéile

Is pátrún agus comhlacht ionadaíoch é Foghlaim Le Chéile do líonra atá ag fás de bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna ar fud na hÉireann. Tá scoileanna Foghlaim Le Chéile tiomanta do chomhionannas rochtana agus do mheas a léiriú ar gach leanbh, beag beann ar a gcúlra cultúrtha, reiligiúnach nó sóisialta. Tá siad dírithe ar an leanbh, is scoileanna comhoideachais iad agus tá siad á reáchtáil go daonlathach. Curaclam Oideachais Eiticiúil is ea Foghlaim Le Chéile, curaclam an phátrúin do bhunscoileanna Foghlaim Le Chéile. Dírionn Oideachas Eiticiúil ar cheisteanna comhionannais, ceartais, inbhuanaitheachta agus saoránachta gníomhaí, agus múineann sé do dhaltaí machnamh criticiúil agus ciallmhar a dhéanamh ar an domhan mórthimpeall orthu.

Scoileanna Náisiúnta Pobail

Is údaráis oideachais reachtúla iad Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) atá freagrach as oideachas agus oiliúint, obair ógra agus réimse feidhmeanna reachtúla eile. Is é BOOÉ an comhlacht ionadaíoch náisiúnta a bunaíodh chun ionadaíocht a dhéanamh do shé BOO déag in Éirinn agus tacú leo. Ag an mbunleibhéal, tá BOOnna ina bpátrún ar líonra atá ag fás de Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Scoileanna Speisialta Pobail. Is pátrún iad BOOnna freisin ar 1/3 de na hiar-bhunscoileanna in Éirinn. Is scoileanna stáit, comhoideachais, il-sainchreidmheacha iad scoileanna BOO agus cuireann na croíluchanna seo a leanas taca fúthu: barr feabhais san oideachas, cúram, comhionannas, pobal agus meas. Curaclam Oideachais Ilchreidimh agus Luachanna is ea *MLML*, curaclam na bpátrún do Scoileanna Náisiúnta Pobail agus do Scoileanna Speisialta Pobail. Cuireann *MLML* ar chumas leanaí cur lena gcuid eolais maidir le hoideachas féiniúlachta, oideachas luachanna, fealsúnacht agus oideachas faoi agus ó reiligiúin agus faoi agus ó chreidimh.

Creat OEICL


Tugtar breac-chuntas sa chuid seo de *Aitheantas* ar na treoirphrionsabail, na réimsí staidéir atá leagtha síos agus na torthaí foghlama do OEICL. Cuirfidh siad seo bonn eolais faoi fhorbairt agus léiriú clár a sholáthraíonn deimhniú chun OEICL a mhúineadh chomh maith le hathbhreithniú agus aitheantas a thabhairt do chlár den sórt sin ar thug pátrúin na Scoileanna Náisiúnta Pobail agus na Scoileanna Náisiúnta Foghlaim Le Chéile fúthu. I dteannta a chéile, tá sé mar aidhm acu comhsheasmhacht an tsoláthair in OEICL a chinntiú ar fud IAOnna.

Treoirphrionsabail

- Ullmhúchán Cuimsitheach:** Éascaíonn institiúidí ardoideachais ullmhúchán múinteoirí faoi oiliúint chun an curaclam iomlán a mhúineadh, lena n-áirítear OEICL. Mar chuid dá gcáilíocht OTM, ba chóir go mbeadh gach múinteoir faoi oiliúint ullamh chun curaclaim pátrúin OEICL a mhúineadh ionas gur féidir leo an curaclam iomlán a sheachadadh i Scoileanna Foghlaim Le Chéile agus i Scoileanna Náisiúnta Pobail.
- Freagracht:** Tá BOOnna/BOOÉ faoi seach freagrach as curaclaim na bpátrún le haghaidh Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Scoileanna Foghlaim Le Chéile. Áirítear leis sin aitheantas a thabhairt do na clár go léir a sholáthraíonn deimhniú chun OEICL a mhúineadh chomh maith le forbairt leanúnach curaclaim agus foghlaim ghairmiúil a sholáthar do mhúinteoirí atá ag cleachtadh.
- Comhpháirtíocht:** Féachann Foghlaim Le Chéile agus BOOÉ le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le IAOnna in Éirinn lena chinntiú gur féidir le BOOnna/BOOÉ agus Ag Foghlaim Le Chéile aitheantas a thabhairt do chlár OEICL in oideachas múinteoirí mar chlár leordhóthanacha do mhúinteoirí le céim chun curaclaim OEICL na bpátrún a mhúineadh i Scoileanna Foghlaim Le Chéile agus i Scoileanna Náisiúnta Pobail.
- Saoirse Acadúil:** Aithníonn BOOÉ agus Foghlaim Le Chéile saoirse acadúil na IAOnna agus iad ag soláthar clár a sholáthraíonn deimhniú chun OEICL a mhúineadh. Éascaíonn *Aitheantas* IAO chun a chinneadh conas a dhéanann siad clár OEICL a fhorbairt, a sheachadadh agus a mheasúnú.
- Solúbthacht:** Is féidir clár a sholáthraíonn deimhniú chun OEICL a theagasc a chomhtháthú go hiomlán i gclár OTM, comhtháite go páirteach le soláthar ar leith lasmuigh den chroíchlár (i.e. cumaisc) nó go hiomlán ar leith ón gcroíchlár. Ba chóir go mbeadh gach clár comhtháite, cumaisc agus ar leith in OEICL inrochtana do gach mac léinn laistigh dá ngnáthchlár ama. Ba chóir go mbeadh an fhoghlaim i gclár OEICL lonnaithe ag leibhéal 8 nó 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).
- Gníomhaireacht:** Tá na dámha ábhartha i ngach institiúid ardoideachais freagrach as teastais a sheachadadh chun OEICL a mhúineadh. Beidh dóthain eolais agus taithí ag baill dáimhe ábhartha ar churaclam na bpátrún do Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Scoileanna Foghlaim Le Chéile, chomh maith le réimsí staidéir ábhartha atá leagtha síos agus torthaí foghlama atá leagtha amach sa *Chreat seo*. Is féidir le hionadaithe na bpátrún tacú le hobair na dáimhe trí dheiseanna léachtóireachta ó am go chéile agus/nó tacaíochtaí eile de réir mar is gá.

Réimsí Staidéir atá Leagtha Síos

Ba chóir go mbeadh ceithre réimse staidéir atá leagtha síos mar phairt de gach clár a sholáthraíonn deimhniú chun OEICL a mhúineadh. Is iad sin:



Tá Torthaí Foghlama (TFanna) i ngach ceann de na réimsí staidéir atá leagtha síos thuas. Déanann siad cur síos ar an bhfoghlaim a theastaíonn chun deimhniú a bhronnadh in OEICL. Le chéile, soláthraíonn siad an bunús d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí faoi oiliúint in OEICL. Tógfar leis an bhfoghlaim sin trí dheiseanna foghlama gairmiúla leanúnacha, lena n-áirítear iad siúd a sholáthraíonn pátrúin agus comhlachtaí ionadaíocha pátrún. Níl na TFanna ordlathach, agus níor cheart cur chuige comhleanúnach a ghlacadh maidir lena gcur chun feidhme. Tá na réimsí staidéir atá leagtha síos mar an gcéanna do chlárí fochéime agus iarchéime araon. Leagtar síos iontu na bunriachtanais maidir le deimhniú in OEICL. Mar sin féin, athraíonn na TFanna do chlárí fochéime agus iarchéime chun an difríocht sna leibhéil cháilíochta a léiriú.

Dámhachtainí in OEICL

Chun a bheith deimhnithe chun curaclaim na bpátrún a mhúineadh i gcomhthéacs OEICL, beidh múinteoirí a bhfuil cáilíocht fochéime nó iarchéime acu ag gabháil do gach ceann de na ceithre réimse staidéir atá leagtha síos agus beidh siad in ann rannpháirtíocht iomlán a léiriú leis na torthaí foghlama ábhartha thíos trí chlár comhtháite, cumaisc nó ar leith in OEICL. Déanfar cláir den sórt sin a éascú i gcomhthráth lena gcéim OTM.

- Is iad na **cláir chomhtháite** in OEICL na cláir sin trína gcomhlíontar na torthaí foghlama riachtanacha go léir ón *gCreat* seo tríd an gcroíchlár.
- Is éard atá i **gcláir chumaisc** in OEICL ná cláir chumaisc trína gcomhlíontar na torthaí foghlama riachtanacha ón *gCreat* trí mheascán de sholáthar laistigh agus lasmuigh den chroíchlár.
- Is éard atá i gceist le **cláir ar leith** in OEICL ná cláir trína gcomhlíontar na torthaí foghlama riachtanacha go léir ón *gCreat* lasmuigh den chlár réamhseirbhíse atá ann cheana ach a sheachadtar i gcomhthráth leis.

Is féidir le IAOnna a roghnú freisin clár breise a thairiscint as a dtiocfaidh dámhachtain speisialta in OEICL do mhúinteoirí a cháiligh lasmuigh d'Éirinn ó 2032 ar aghaidh, nó do mhúinteoirí atá ag cleachtadh a d'fhéadfadh a roghnú deimhniú a fháil.

Is éard a bheidh i ndámhachtainí comhtháite, cumaisc agus ar leith in OEICL ná deimhniú críochnaithe neamhchreidiúnaithe ón IAO faoi seach. Tá sé de dhualgas ar na IAOnna a chinntiú go bhfuil na riachtanais atá leagtha amach in *Aitheantas* comhlíonta ag mic léinn sula mbronnfar deimhniú críochnaithe. Ba cheart go mbeadh cláir bhreise as a dtiocfaidh dámhachtain speisialta in OEICL i gceist le deimhniú ag leibhéal 8 nó 9 ar CNC.

Torthaí Foghlama

Limistéar Staidéir Forordaithe 1			
Stair agus Forbairt an Oideachais Eiticiúil, Il-chreidimh agus Luachanna in Éirinn			
Fochéime/Leibhéal 8		Iarchéime/Leibhéal 9	
<i>Chun OEICL a mhúineadh, beidh an múinteoir faoi oiliúint in ann:</i>			
F.1 (a)	Scrúdú a dhéanamh ar an gcóras pátrúnachta laistigh de chóras bunoidreachais na hÉireann, a chomhthéacs stairiúil agus a éabhlóid agus seasamh scoileanna il-sainchreidmheacha agus comhionannais sa chóras sin.	I.1 (a)	Anailís a dhéanamh ar an gcóras pátrúnachta laistigh de chóras bunoidreachais na hÉireann, ar a chomhthéacs stairiúil agus ar a éabhlóid agus ar shuíomh na scoileanna il-sainchreidmheacha agus comhionannais agus a n-éiteas faoi seach laistigh den chóras sin.
F.1 (b)	Machnamh a dhéanamh ar an luach a bhaineann le héitis chomhionannas agus il-chreidmheacha, a ngaol leis na luachanna/prionsabail a chuireann an scoil chun cinn, chomh maith leis an gcuraclam foirmiúil agus ceilte.	I.1 (b)	Machnamh criticiúil a dhéanamh ar an luach a bhaineann le curaclaim OEICL na bpátrún agus ar an ról atá acu maidir le héiteas scoileanna comhionannais agus il-sainchreidmheacha in Éirinn a chur in iúl.
F.1 (c)	Tuiscint agus léirthuisicint a léiriú ar fhorbairt Churaclaim na bPátrún maidir le hOideachais Eiticiúil, Ilchreidimh agus Luachanna agus ar an ról a imríonn siad maidir le héiteas scoileanna il-sainchreidmheacha agus comhionannais in Éirinn a chur in iúl.		
Réimse Staidéir atá Leagtha Síos 2			
Luachanna, Meonta, agus Dearthaí chun Oideachas Eiticiúil, Il-Chreidimh agus Luachanna a Mhúineadh			
Fochéime/Leibhéal 8		Iarchéime/Leibhéal 9	
<i>Chun OEICL a mhúineadh, beidh an múinteoir faoi oiliúint in ann:</i>			
F.2 (a)	Tuiscint agus léirthuisicint a fhorbairt ar na luachanna, na meonta agus na dearthaí chun foghlaim agus teagasc a éascú in OEICL, mar a chuirtear in iúl trí <i>Chreataí na bPátrún</i> do Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Scoileanna Foghlaim Le Chéile faoi seach.	I.2 (a)	Machnamh criticiúil a dhéanamh ar na luachanna, na meonta agus na dearthaí chun foghlaim agus teagasc a éascú in OEICL, mar a chuirtear in iúl trí <i>Chreataí na bPátrún</i> do Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Scoileanna Foghlaim Le Chéile faoi seach.
F.2 (b)	Machnamh a dhéanamh ar a lionsa pearsanta agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cumhacht, pribhléid agus claontacht ar eispéiris agus ar thorthaí foghlama leanaí in OEICL, go háirithe dóibh siúd a bhfuil cúlraí agus féiniúlachtaí mionlaigh acu.	I.2 (b)	Machnamh criticiúil a dhéanamh ar a lionsa pearsanta agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cumhacht, pribhléid agus claontacht ar eispéiris agus ar thorthaí foghlama leanaí in OEICL, go háirithe dóibh siúd a bhfuil cúlraí agus féiniúlachtaí mionlaigh acu.

Limistéar Staidéir Forordaithe 3			
Ábhar Curaclaim agus Eolas Ábhair chun Oideachas Eiticiúil, Il-chreidimh agus Luachanna a Mhúineadh			
Fochéime/Leibhéal 8		Iarchéime/Leibhéal 9	
<i>Chun OEICL a mhúineadh, beidh an múinteoir faoi oiliúint in ann:</i>			
F.3 (a)	Tuiscint a léiriú ar fhís, aidhmeanna agus snáitheanna ar ghnéithe/téamaí agus torthaí foghlama churaclaim OEICL na bpátrún agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir na curaclaim sin a úsáid chun foghlaim agus teagasc a éascú do gach leanbh, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu.	I.3 (a)	Tuiscint chriticiúil a léiriú ar fhís, aidhmeanna agus snáitheanna, eilimintí/téamaí agus torthaí foghlama churaclaim OEICL na bpátrún agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir na curaclaim sin a úsáid chun foghlaim agus teagasc a éascú do gach leanbh, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu.
F.3 (b)	Cur chuige oideolaíoch ² don fhoghlaim agus don teagasc in OEICL a aithint agus machnamh a dhéanamh ar thionchar na gcur chuige sin ar eispéiris foghlama agus ar thorthaí leanaí in OEICL.		
F.3 (c)	Tuiscint ar eolas ábhartha ábhair a léiriú ⁴ chun na snáitheanna, na heilimintí/téamaí, agus na torthaí foghlama i gcuraclaim OEICL na bpátrún a mhúineadh.	I.3 (c)	Taithí a fháil agus tuiscint chriticiúil a fhorbairt ar na cineálacha cur chuige agus modheolaíochtaí oideolaíochta atá mar bhonn agus taca leo chun foghlaim agus teagasc a éascú in OEICL agus machnamh a dhéanamh ar a dtionchar féideartha ar eispéiris foghlama agus ar thorthaí foghlama leanaí in OEICL.
F.3 (d)	Tuiscint ar eolas ábhartha ábhair a léiriú ⁴ chun na snáitheanna, na heilimintí/téamaí, agus na torthaí foghlama i gcuraclaim OEICL na bpátrún a mhúineadh.	I.3 (d)	Ceistigh deiseanna agus dúshláin a bhaineann le teagasc faoi fhéiniúlacht agus difríocht trí churaclaim OEICL na bpátrún agus anailís a dhéanamh ar straitéisí réamhghníomhacha agus frithghníomhacha chun aghaidh a thabhairt ar choimhlint agus le cóimheas agus tuiscint a chothú.
F.3 (e)	Deiseanna agus dúshláin a bhaineann le teagasc faoi fhéiniúlacht agus difríocht a aithint trí churaclaim OEICL na bpátrún agus anailís a dhéanamh ar straitéisí réamhghníomhacha agus frithghníomhacha chun aghaidh a thabhairt ar choimhlint agus le cóimheas agus tuiscint a chothú.	I.3 (e)	Ceistigh deiseanna agus dúshláin a bhaineann le teagasc faoi fhéiniúlacht agus difríocht trí churaclaim OEICL na bpátrún agus anailís a dhéanamh ar straitéisí réamhghníomhacha agus frithghníomhacha chun aghaidh a thabhairt ar choimhlint agus le cóimheas agus tuiscint a chothú.

² Féach Figiúr 1 le haghaidh samplaí de chur chuige oideolaíoch i leith OEICL.

³ Féach Figiúr 1 le haghaidh samplaí de mhodheolaíochtaí chun OEICL a theagasc.


⁴ Féach Figiúr 1 le haghaidh samplaí d'eolas ábhair do theagasc OEICL.

**Samplaí de
Chuir Chuige Oideolaíochta chun
OEICL a mhúineadh**

Oideachas Saoránachta | Oideachas maidir le Cearta an Duine | Oideachas Idirchultúrtha Oideachas Criticiúil Ilchultúrtha | Oideachas Féiniúlachta | Oideachas Frithchiníochais | Fealsúnacht le hAghaidh/Le Páistí | Oideachas Bunaithe ar Fhiosrú agus ar Fhadhbanna atá ann | Oideachas Eiticiúil | Oideachas Luachanna | Oideachas faoi agus ó Reiligiúin agus ó Chreidimh | Cur Chuige Léirmhínteach le haghaidh Oideachas Reiligiúnach | Cur Chuige Dialógach maidir le hOideachas Reiligiúnach

**Samplaí de
Mhodheolaíochtaí chun OEICL a mhúineadh**

Iarsmalann Ceart | Seanchas Béil | Smaointeoireacht Chriticiúil agus Labhairt faoi Leabhair | Teicnící Scartha, m.sh. Babóga Persona | Ceistiú Fealsúnachta | Ceistiú Sócraiteach | Ciorcal Smaointeoireachta | Aincheisteanna Eiticiúla | Ciorcail Chreidimh | Mataí Boird | Díospóireacht | Cuairteoirí chuig an Seomra Ranga | Tionscadal Teaghlaigh | Turais Fhíorúla | Straitéisí Amharc-smaointeoireachta | Foghlaim Dhéantán-Bhunaithe | Cur Chuige Fiosraithe Choincheapúil



**Samplaí
d'Eolas Ábhair chun OEICL a mhúineadh**

Spriocanna Domhanda | Údair Idirdhealaithe | Saincheisteanna Timpeallachta | Struchtúir Dhaonlathacha | Éagsúlacht in Éirinn Cairteanna agus Coinbhinsiúin um Chearta an Duine | Scéalta Béaloidis ó Éirinn agus ó Thíortha Thar Lear | Fabhalscéalta agus Scéalta Fealsúnachta | Ceiliúradh agus Imeachtaí Áitiúla, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta | Creidimh, Reiligiúin agus Cruinneshamlacha (m.sh. Agnóiseachas, Aindiachas, Búdachas, Creidimh Dhúchaiseach, Críostaíocht, Daonnachas, Giúdachas, Hiondúchas, Ioslam, Suíceachas)

**Samplaí de
Choncheapa chun OEICL a mhúineadh**

Cumhacht | Imirce | Saoránacht | Pobal | Trádáil | Ciníochas | Coilíneachas | Inbhuanaitheacht | Féiniúlacht | Gníomhú | Idirspeáchas | Dlúthpháirtíocht | Caidrimh | Réamhchlaontacht | Comhionannas | Neamhionannas | Ceartas | Éagóir | Ag ceiliúradh | Meas | Daonlathas | Guth | Comhbhá

Fíor 1: Samplaí de chur chuige oideolaíoch, modheolaíochtaí, eolas ábhair agus coincheapa le haghaidh OEICL a theagasc

Réimse Staidéir atá Leagtha Síos 4			
Ullmhúchán don Fhoghlaim agus don Teagasc san Oideachas Eiticiúil, Il-chreidimh agus Luachanna			
Fochéime/Leibhéal 8		Iarchéime/Leibhéal 9	
<i>Chun OEICL a mhúineadh, beidh an múinteoir faoi oiliúint in ann:</i>			
F.4 (a)	An t-eolas agus na scileanna a léiriú chun dul i mbun ullmhúchán dofheicthe, infheicthe agus taifeadta don fhoghlaim agus don teagasc ⁵ in OEICL.	I.4 (a)	An t-eolas agus na scileanna a léiriú chun dul i mbun ullmhúchán infheicthe, dofheicthe agus taifeadta chun deiseanna foghlama agus teagaisc scoite agus comhtháite/téamacha a éascú in OEICL.
F.4 (b)	Scrúdú a dhéanamh ar chur chuige scoite agus comhtháite/téamach maidir le hullmhú don fhoghlaim agus don teagasc in OEICL.		
F.4 (c)	Ullmhú go neamhspleách agus go comhoibríoch don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú in OEICL ar bhonn gearrthéarmach agus fadtéarmach.	I.4 (c)	Ullmhú go comhoibríoch don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú in OEICL ar bhonn gearrthéarmach agus fadtéarmach.

⁵“Is éard atá i gceist le hullmhú don teagasc agus don fhoghlaim ná ullmhúchán dofheicthe, infheicthe agus taifeadta a d’fhéadfadh a bheith ar siúl ag an am céanna agus roimh, le linn agus tar éis an teagaisc agus na foghlama. Tá na trí cinn acu comhlántach agus riachtanach chun tacú le heispéiris foghlama chuí a sholáthar do gach leanbh. Cé nach bhféadfadh ullmhúchán dofheicthe agus infheicthe a thaifeadadh, tá sé tábhachtach a admháil go bhfuil luach céanna ar na trí chomhpháirt” (CNCM, 2021).

Cláir OEICL a Fhorbairt agus a Aithint

Tugtar breac-chuntas sa chuid seo de *Aitheantas* ar na próisis agus na nósanna imeachta chun cláir a sholáthraíonn deimhniú a fhorbairt agus a aithint chun curaclaim OEICL na bpátrún a mhúineadh.

Trí na próisis forbartha agus aitheantais, geallann Foghlaim Le Chéile agus BOOÉ go ndéanfaidh siad na nithe seo a leanas:

- Oibriú i gcomhpháirtíocht agus i gcomhar le hinstiúidí ardoideachais
- Cothroime agus comhsheasmhacht a chinntiú do gach instiúid ardoideachais
- Rúndacht a choinneáil maidir le gach iarratas ar aitheantas.
- Aitheantas a thabhairt don éagsúlacht comhthéacsanna ina n-oibríonn instiúidí ardoideachais agus don éagsúlacht modhanna inar féidir cláir a sheachadadh (m.sh. aghaidh ar aghaidh, sioncrónach agus/nó aisioncrónach).

Próiseas Forbartha an Chláir OEICL

Mar atá leagtha amach i dtreoirphrionsabal a cúig, is féidir le hinstiúidí ardoideachais rogha a dhéanamh as na roghanna seo a leanas agus cláir á bhforbairt acu chun deimhniú a sholáthar chun OEICL a mhúineadh:

1. Clár atá **comhtháite** go hiomlán i gclár OTM
2. Clár **cumaisc** atá comhtháite go páirteach i gclár OTM, ach a chuimsíonn soláthar ar leith lasmuigh den chroíchlár
3. Clár atá **ar leith** ó chlár ITE, ach a ritheann i gcomhthráth leis.

I gcás múinteoirí cáilithe, is féidir le hinstiúidí ardoideachais a roghnú na nithe seo a leanas a thairiscint freisin:

4. Clár **breise** as a dtagann gradam speisialta in OEICL.

1. Clár OEICL ‘Comhtháite’ a fhorbairt

Is iad na **cláir chomhtháite** in OEICL na cláir sin trína gcomhlíontar na torthaí foghlama riachtanacha go léir ón *gCreat* seo tríd an gcroíchlár OTM.

Is éard atá i gceist le clár comhtháite a fhorbairt in OEICL ná scrúdú a dhéanamh ar chlár fochéime/iarchéime atá ann cheana féin agus soláthar reatha a aithint a thugann aghaidh ar na torthaí foghlama riachtanacha OEICL. Mar thoradh ar an bpróiseas sin coinnítear an soláthar atá ann cheana laistigh den chlár réamhsheirbhíse, áit a ndíríonn sé ar bhunús thorthaí foghlama OEICL. Dá bhrí sin, aithneoidh forbairt an chláir chomhtháite OEICL go foirmiúil ailíniú torthaí foghlama OEICL le soláthar reatha cáilíochta OTM atá ann cheana.

Ba chóir na teimpléid iarratais ag aguisíní B agus C/D⁶ a chomhlánú agus cláir chomhtháite fochéime agus iarchéime OEICL á bhforbairt faoi seach.

⁶ Tá na hagusíní go léir ar fáil sa leagan digiteach den chreat seo.

2. Clár OEICL ‘Cumaisc’ a fhorbairt

Is éard atá i **gcláir chumaisc** in OEICL ná cláir chumaisc trína gcomhlíontar na torthaí foghlama riachtanacha ón *gCreat* trí mheascán de sholáthar laistigh agus lasmuigh den chrochlár.

Tá dhá chuid i gceist sa phróiseas chun clár cumaisc a fhorbairt in OEICL. Baineann sé leis an bpróiseas céanna atá leagtha amach maidir le cláir chomhtháite a fhorbairt thuas chomh maith le forbairt ábhar scoite breise in OEICL chun torthaí foghlama nach gclúdaítear tríd an gclár réamhseirbhíse a bhaint amach.

Ba chóir na teimpléid iarratais ag aguisíní B agus C/D a chomhlánú agus cláir chumaisc fochéime agus iarchéime OEICL á bhforbairt faoi seach.

3. Clár OEICL ‘ar leith’ a fhorbairt

Is éard atá i gceist le **cláir ar leith** in OEICL ná cláir trína gcomhlíontar na torthaí foghlama riachtanacha go léir ón *gCreat* lasmuigh den chlár réamhseirbhíse atá ann cheana ach a sheachadtar i gcomhthráth leis.

Is éard atá i gceist le forbairt clár ar leith in OEICL ná modúil scoite a chruthú in OEICL atá suite lasmuigh den chlár réamhseirbhíse.

Ba chóir na teimpléid ag Aguisín B agus C/D a chomhlánú agus cláir OEICL fochéime agus iarchéime ar leith á bhforbairt, faoi seach.

4. Cláir bhreise a fhorbairt as a dtiocfaidh dámhachtain speisialta in OEICL

Féadfaidh an Institiúid Ardoideachais an próiseas chun clár breise a dhearadh as a dtiocfaidh dámhachtain speisialta in OEICL ó 2032 ar aghaidh. Ba chóir d’institiúidí ardoideachais na teimpléid ag Aguisíní C/D agus E a chomhlánú mar chuid den phróiseas forbartha sin.

Próiseas Aitheantais an Chláir OEICL

Is éard atá i gceist le haitheantas clár OEICL ná an próiseas trína ndéanann na pátrúin/ionadaithe pátrún ó Scoileanna Náisiúnta Pobail agus ó Scoileanna Foghlaim Le Chéile athbhreithniú ar iarratais ar chlár Ardoideachais chun a chinneadh an gcomhlíonann cláir na riachtanais atá leagtha amach in *Aitheantas*. Éascófar aitheantas clár OEICL go rialta chun freastal ar fhorbairt leanúnach na gclár OEICL ar fud institiúidí ardoideachais.

Painéal Athbhreithnithe an Chláir OEICL

Déanann Painéal Athbhreithnithe Clár OEICL maoirseacht ar phróiseas aitheantais clár OEICL. Déanfaidh an Painéal athbhreithniú ar chlár OEICL atá beartaithe agus molfaidh siad do na pátrúin, Foghlaim Le Chéile agus Scoileanna Náisiúnta Pobail, gur chóir dóibh cláir ar leith a aithint. Beidh aon athbhreithniú a dhéanfaidh an Painéal deasc-bhunaithe agus ní bheidh cuairt ar an láthair ag teastáil. Beidh ionadaithe ón dá phátrún ar an bPainéal.

I measc na ról agus na bhfreagrachtaí atá ar an bPainéal Athbhreithnithe ar Chlár OEICL tá:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais ar chlár OEICL i gcoinne na gceanglas atá leagtha amach in *Aitheantas*, lena n-áirítear na treoirphrionsabail, na réimsí staidéir atá leagtha síos agus na torthaí foghlama.
- Dul i gcomhairle leis an IAO, de réir mar is gá, chun tuilleadh faisnéise nó soiléiriú a lorg maidir le hiarratais ar chlár, más gá.
- Tuarascálacha comhaontaithe a ullmhú do na pátrúin maidir le gach clár OEICL atá beartaithe, lena n-áirítear moladh maidir le clár a aithint.
- Cinneadh na bpátrún maidir le haitheantas cláir a chur in iúl don Institiúid Ardoideachais.

Céim 1: Rannpháirtíocht idir Pátrúin agus Institiúidí Ardoideachais	Tionóltar réamhchruinnithe idir baill dáimhe ábhartha i ngach institiúid ardoideachais agus ionadaithe pátrúnachta chun <i>Aitheantas</i> a phlé agus chun breac-chuntas a thabhairt ar an bpróiseas maidir le forbairt agus aitheantas an chláir.
Céim 2: Forbairt an Chláir/na gClár	Forbraíonn an institiúid ardoideachais clár/cláir OEICL a sholáthraíonn deimhniú chun curaclaim OEICL na bpátrún a mhúineadh.
Céim 3: Faomhadh Inmheánach	Faigheann an institiúid ardoideachais formheas inmheánach don chlár nó do na cláir OEICL atá beartaithe.
Céim 4: Iarratas a fháil	Cuireann an Institiúid Ardoideachais na doiciméid riachtanacha, atá liostaithe thíos, ar fáil don Phainéal Athbhreithnithe ar Chlár OEICL.
Céim 5: Athbhreithniú ar Iarratais ag Painéal Athbhreithnithe an Chláir	Déanann Painéal Athbhreithnithe Clár OEICL athbhreithniú deascbhunaithe ar iarratais ar chlár. Féadfaidh an Painéal tuilleadh faisnéise a iarraidh nó soiléiriú a lorg ón IAO maidir le hiarratais a fhaightear ag an bpointe seo.
Céim 6: Aitheantas ó Phátrúin	Molann Painéal Athbhreithnithe Clár OEICL na cláir sin a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach in <i>Aitheantas</i> chun na pátrúin a aithint. Aithníonn na pátrúin go foirmiúil cláir OEICL a sholáthraíonn deimhniú chun curaclaim pátrúin OEICL a mhúineadh laistigh <i>den Chreat</i> seo. ⁷
Céim 7: Fógra Aitheantais chuig IAOanna	Cuireann na pátrúin a gcinneadh maidir le haitheantas cláir in iúl don IAO, roinneann siad tuarascáil chomhaontaithe leis an IAO, agus cuireann siad aon chlár nua-aitheanta le liosta na gclár aitheanta.

⁷ Tabharfaidh Fóram Phríomhfheidhmeannach BOOÉ agus Bord Stiúrthóirí Foghlaim Le Chéile aitheantas foirmiúil do chlár a sholáthraíonn deimhniú chun OEICL a mhúineadh.

Céimeanna i bhForbairt agus Aitheantas Clár OEICL Cáipéisí Riachtanacha

Cuirfidh an IAO na cáipéisí seo a leanas ar fáil do Phainéal Athbhreithnithe Chlár OEICL do gach clár OEICL a bhfuil sé ar intinn ag an IAO a chur ar fáil:

Cláir chomhtháite, chumaisc nó ar leith

- Aguisín B: Iarratas ar chláir chomhtháite, ar chláir chumaisc nó ar chláir ar leith in OEICL
- Aguisín C: Foirmeacha Ailínithe Torthaí Foghlama Fochéime/Leibhéal 8

NÓ

- Aguisín D: Foirmeacha Ailínithe Torthaí Foghlama Iarchéime/Leibhéal 9

Cláir Bhreise as a dtiocfaidh Dámhachtain Speisialta in OEICL

- Aguisín E: Iarratas ar Chláir Bhreise in OEICL
- Aguisín C: Foirmeacha Ailínithe Torthaí Foghlama Fochéime/Leibhéal 8

NÓ

- Aguisín D: Foirmeacha Ailínithe Torthaí Foghlama Iarchéime/Leibhéal 9

Athrú Ábhartha

Iarrtar ar institiúidí ardoideachais fógra a thabhairt do phátrúin/ionadaithe pátrúnachta maidir le haon athrú ábhartha i ndáil le cláir aitheanta chun OEICL a mhúineadh sa chás go mbíonn tionchar ag athruithe den sórt sin ar ailíniú an chláir leis na ceanglais atá leagtha amach in Aitheantas. Sa chás go ndearnadh athruithe substaintiúla ar chlár a ceadaíodh roimhe seo, ba cheart an clár a chur isteach arís le haitheantas a fháil tríd an bpróiseas atá leagtha amach thuas.

Feidhmiú

Tar éis aitheantas foirmiúil a fháil do chláir a sholáthraíonn deimhniú chun OEICL a mhúineadh, tá sé mar aidhm ag Foghlaim Le Chéile agus BOOÉ leanúint ar aghaidh ag tógáil agus ag cothabháil spiorad na comhpháirtíochta a bunaíodh trí fhorbairt *Aitheantas*. Chun é sin a éascú, chuirfeadh BOOÉ agus Foghlaim Le Chéile fáilte roimh teagmháil bhliantúil le baill foirne ábhartha i ngach IAO chun feidhmiú leanúnach an *Chreata* seo a phlé agus machnamh a dhéanamh air.

Timthriall Aitheantais

Forchoimeádann Foghlaim Le Chéile agus BOOÉ an ceart chun athbhreithniú a dhéanamh ar an *gCreat* seo. Déanfar an t-athbhreithniú sin i gcomhairle le IAOanna agus freagróidh sé do riachtanais athraitheacha múinteoirí faoi oiliúint, pobail scoile, ionadaithe pátrún agus institiúidí ardoideachais.

Aguisín A: Cláir Aitheanta a Bhronnann Cáilíocht chun OEICL a Mhúineadh

Tá aitheantas tugtha ag pátrúin na Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Scoileanna Foghlaim Le Chéile do na cláir seo a leanas mar chláir a chomhlíonann na riachtanais atá leagtha amach in *Aitheantas*.

Aguisín B: Iarratas ar chlár chomhtháite, chumaisc nó ar leith in OEICL

*Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcaithfear iarratais ar leith a dhéanamh do gach clár ionchasach OEICL a chuirfear ar fáil laistigh de gach institiúid ardoideachais.

Eolas Ginearálta	
Institiúid Ardoideachais	
Roinn/ranna a bhfuil baint aici/acu le forbairt an chlár/na glár OEICL	
Teagmhálaí ainmnithe dáimhe IAO agus sonraí teagmhála	
Dáta an iarratais	

Ainm/Teideal an Chláir

Leibhéal (cuir tic le do thoil)	Fochéime/Leibhéal 8	<input type="checkbox"/>
	Iarchéime/Leibhéal 9	<input type="checkbox"/>
Teanga Sheachadta (cuir tic le do thoil)	Béarla	<input type="checkbox"/>
	Gaeilge	<input type="checkbox"/>
An Cineál Cláir (cuir tic le do thoil)	Comhtháite	<input type="checkbox"/>
	Cumaisc	<input type="checkbox"/>
	Ar leith	<input type="checkbox"/>
Cineál Dámhachtana	TEASTAS CRÍOCHNAITHE	
Dáta Tosaithe Beartaithe		

Modh Seachadta

(Déan cur síos ar an modh seachadta m.sh. aghaidh ar aghaidh, sioncrónach ar líne, aisioncronach ar líne, modh seachadta measctha)

Sonraigh le do thoil an bhliain/na blianta den chlár OTM ina seachadfar an clár OEICL.

Liostaigh ainmneacha/cóid gach réimse lárnach clár agus modúil ina dhiaidh sin ina ndéanfar an clár OEICL a chomhtháthú iontu.

Liostaigh ainmneacha na gclár/modúl/cóid gach soláthar scoite in OEICL.

- Cuir tic anseo le do thoil chun a dheimhniú go bhfuil gach modúl scoite in OEICL inrochtana do gach mac léinn agus go ndéantar iad a sheachadadh mar chuid de ghnáthchlár ama na mac léinn.

<i>I GCÁS CLÁIR CHOMHTHÁITE AGUS CHUMAISIC AMHÁIN. NÍ BHAINNEANN SÉ LE CLÁIR AR LEITH.</i>
<i>CLÁIR CHUMAISIC AGUS CLÁIR AR LEITH AMHÁIN. NÍ BHAINNEANN SÉ LE CLÁIR CHOMHTHÁITE</i>
<i>CLÁIR CHUMAISIC AGUS CLÁIR AR LEITH AMHÁIN. NÍ BHAINNEANN SÉ LE CLÁIR CHOMHTHÁITE</i>

Cuir tic thíos le do thoil chun a dheimhniú go bhfuil na cáipéisí riachtanacha go léir curtha isteach maidir leis an gclár beartaithe seo.

Aguisín B: Iarratas ar chlár chomhtháite, chumaisc nó ar leith in OEICL	<input type="checkbox"/>
Aguisín C: Foirm Ailínithe Torthaí Foghlama Fochéime/Leibhéal 8 NÓ	<input type="checkbox"/>
Aguisín D: Foirm Ailínithe Torthaí Foghlama Iarchéime/Leibhéal 9	<input type="checkbox"/>
Cuir tic anseo le do thoil chun a dheimhniú go bhfuil cead inmheánach faighte ag an IAO chun an clár OEICL a reáchtáil tar éis do na pátrúin aitheantas a thabhairt dó.	<input type="checkbox"/>

Ainm:	Ról:	Síniú Údaraithe:

Aguisín C: Foirmeacha Ailínithe Torthaí Foghlama Fochéime/Leibhéal 8

Toradh Foghlama			
F.1 (a) Scrúdú a dhéanamh ar an gcóras pátrúnachta laistigh de chóras bunoidreachais na hÉireann, a chomhthéacs stairiúil agus a éabhlóid agus seasamh scoileanna il-sainchreidmheacha agus comhionannais sa chóras sin.			
Tabhair le fios, le do thoil, an dtabharfar aghaidh ar an TF seo trí dheiseanna foghlama comhtháite ar fud réimsí lárnacha an chláir nó trí mhodú(i)l scoite ar OEICL.			<i>Cuir tic le do thoil</i>
Comhtháite i gcroírimsí an chláir			<input type="checkbox"/>
Modúl scoite ar OEICL			<input type="checkbox"/>
Ainmneacha(n) an Mhodúil agus an Cód/na Cóid trína dtabharfar aghaidh ar an TF sin	Modh Seachadta Modúl <i>Aghaidh ar aghaidh, Sioncrónach Ar Líne, agus / nó Aisioncronach.</i>	Bliain(Blianta) agus seimeasta(i)r an tseachadta	Fianaise ar Fhoghlaim <i>Sonraigh le do thoil conas a dhéanfar measúnú ar an TF sin (e.g. múnlaiteach nó suimitheach)</i>
Déan cur síos ar an gcaoi a dtabharfar aghaidh ar an TF sin trí réimse/réimsí/ mhodú(i)l an chláir seo. Déan tagairt don fhormaid seachadta (m.sh. léacht/seimineár), léitheoireacht mholta agus ábhair.			

Toradh Foghlama			
F. 1 (b) Machnamh a dhéanamh ar an luach a bhaineann le héitis chomhionannas agus il-chreidmheacha, a ngaol leis na luachanna/prionsabail a chuireann an scoil chun cinn, chomh maith leis an gcuraclam foirmiúil agus ceilte.			
Tabhair le fios, le do thoil, an dtabharfar aghaidh ar an TF seo trí dheiseanna foghlama comhtháite ar fud réimsí lánacha an chláir nó trí mhodú(i)l scoite ar OEICL.			<i>Cuir tic le do thoil</i>
Comhtháite i gcroírimsí an chláir			<input type="checkbox"/>
Modúl scoite ar OEICL			<input type="checkbox"/>
Ainmneacha(n) an Mhodúil agus an Cód/na Cód trína dtabharfar aghaidh ar an TF sin	Modh Seachadta Modúl <i>Aghaidh ar aghaidh, Sioncrónach Ar Líne, agus / nó Aisioncronach.</i>	Bliain(Blianta) agus seimeasta(i)r an tseachadta	Fianaise ar Fhoghlaim <i>Sonraigh le do thoil conas a dhéanfar measúnú ar an TF sin (e.g. múnlaiteach nó suimitheach)</i>
Déan cur síos ar an gcaoi a dtabharfar aghaidh ar an TF sin trí réimse/réimsí/ mhodú(i)l an chláir seo. Déan tagairt don fhormáid seachadta (m.sh. léacht/seimineár), léitheoireacht mholta agus ábhair.			

Toradh Foghlama			
F 1. (c) Tuisctint agus léirthuisctint a léiriú ar fhorbairt Churaclaim na bPátrún maidir le hOideachais Eiticiúil, Ilchreidimh agus Luachanna agus ar an ról a imríonn siad maidir le héiteas scoileanna il-sainchreidmheacha agus comhionannais in Éirinn a chur in iúl.			
Tabhair le fios, le do thoil, an dtabharfar aghaidh ar an TF seo trí dheiseanna foghlama comhtháite ar fud réimsí lárnacha an chláir nó trí mhodú(i)l scoite ar OEICL.			<i>Cuir tic le do thoil</i>
Comhtháite i gcroíréimsí an chláir			<input type="checkbox"/>
Modúl scoite ar OEICL			<input type="checkbox"/>
Ainmneacha(n) an Mhodúil agus an Cód/na Cóid trína dtabharfar aghaidh ar an TF sin	Modh Seachadta Modúl <i>Aghaidh ar aghaidh, Sioncrónach Ar Líne, agus / nó Aisioncronach.</i>	Bliain(Blianta) agus seimeasta(i)r an tseachadta	Fianaise ar Fhoghlaim <i>Sonraigh le do thoil conas a dhéanfar measúnú ar an TF sin (e.g. múnlaitheach nó suimitheach)</i>
Déan cur síos ar an gcaoi a dtabharfar aghaidh ar an TF sin trí réimse/réimsí/ mhodú(i)l an chláir seo. Déan tagairt don fhormáid seachadta (m.sh. léacht/seimineár), léitheoireacht mholta agus ábhair.			

Toradh Foghlama
F. 2 (a) Tuiscint agus léirthuisicint a fhorbairt ar na luachanna, na meonta agus na dearcthaí chun foghlaim agus teagasc a éascú in OEICL, mar a chuirtear in iúl trí <i>Chreat na bPátrun/Cáilíochta</i> do Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Scoileanna Foghlaim le Chéile faoi seach.

Tabhair le fios, le do thoil, an dtabharfar aghaidh ar an TF seo trí dheiseanna foghlama comhtháite ar fud réimsí lánacha an chláir nó trí mhodú(i)l scoite ar OEICL.	<i>Cuir tic le do thoil</i>
Comhtháite i gcroíréimsí an chláir	<input type="checkbox"/>
Modúl scoite ar OEICL	<input type="checkbox"/>

Ainmneacha(n) an Mhodúil agus an Cód/na Cóid trína dtabharfar aghaidh ar an TF sin	Modh Seachadta Modúl <i>Aghaidh ar aghaidh, Sioncrónach Ar Líne, agus / nó Aisioncronach.</i>	Bliain(Blianta) agus seimeasta(i)r an tseachadta	Fianaise ar Fhoghlaim <i>Sonraigh le do thoil conas a dhéanfar measúnú ar an TF sin (e.g. múnlaiteach nó suimitheach)</i>

Déan cur síos ar an gcaoi a dtabharfar aghaidh ar an TF sin trí réimse/réimsí/ mhodú(i)l an chláir seo. Déan tagairt don fhormáid seachadta (m.sh. léacht/seimineár), léitheoireacht mholta agus ábhair.

Toradh Foghlama
F. 2 (b) Machnamh a dhéanamh ar a lionsa pearsanta agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cumhacht, pribhléid agus claontacht ar eispéiris agus ar thorthaí foghlama leanaí in OEICL, go háirithe dóibh siúd a bhfuil cúlraí agus féiniúlachtaí mionlaigh acu.

Tabhair le fios, le do thoil, an dtabharfar aghaidh ar an TF seo trí dheiseanna foghlama comhtháite ar fud réimsí lánacha an chláir nó trí mhodú(i)l scoite ar OEICL.	<i>Cuir tic le do thoil</i>
Comhtháite i gcroírimsí an chláir	<input type="checkbox"/>
Modúl scoite ar OEICL	<input type="checkbox"/>

Ainmneacha(n) an Mhodúil agus an Cód/na Cód trína dtabharfar aghaidh ar an TF sin	Modh Seachadta Modúl <i>Aghaidh ar aghaidh, Sioncrónach Ar Líne, agus / nó Aisioncronach.</i>	Bliain(Blianta) agus seimeasta(i)r an tseachadta	Fianaise ar Fhoghlaim <i>Sonraigh le do thoil conas a dhéanfar measúnú ar an TF sin (e.g. múnlaiteach nó suimitheach)</i>

Déan cur síos ar an gcaoi a dtabharfar aghaidh ar an TF sin trí réimse/réimsí/ mhodú(i)l an chláir seo. Déan tagairt don fhormáid seachadta (m.sh. léacht/seimineár), léitheoireacht mholta agus ábhair.

--

Toradh Foghlama			
F. 3 (a) Tuiscint a léiriú ar fhís, aidhmeanna agus snáitheanna ar ghnéithe/téamaí agus torthaí foghlama churaclaim OEICL na bpátrún agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir na curaclaim sin a úsáid chun foghlaim agus teagasc a éascú do gach leanbh, lena n-áirítear iad siúd a			
Tabhair le fios, le do thoil, an dtabharfar aghaidh ar an TF seo trí dheiseanna foghlama comhtháite ar fud réimsí lánacha an chláir nó trí mhodú(i)l scoite ar OEICL.			<i>Cuir tic le do thoil</i>
Comhtháite i gcroírimsí an chláir			<input type="checkbox"/>
Modúl scoite ar OEICL			<input type="checkbox"/>
